**Coiste Tuismitheoirí Scoil Naomh Ciarán**
**Meán Fómhair 2021**

A Thuismitheoirí,

Ba mhaith le Coiste na dTuismitheoirí buíochas a ghabháil libh as an gcúnamh agus tacaíocht a thugann sibh i gcaitheamh na scoilbhliana.

Tá gach tuismitheoir i Scoil Naomh Ciarán mar bhall de Choiste na dTuismitheoirí. Ní gá teacht ag na cruinnithe ar fad ná i gcónaí. Is mian linn oibriú le múinteoirí na scoile agus le gach tuismitheoir lena chinntiú gur bliain iontach a bheas in 2021/2022 do ghasúir na scoile in ainneoin Covid-19.

Seo nóta eolais beag faoi obair an Choiste, tá grúpa Whatsapp againn chun rudaí ar nós laethanta gan éide scoile a chur i gcuimhne daoibh i rith na bliana. Is féidir an grúpa sin a fhágáil ag tráth ar bith. Is féidir é a úsáid freisin chun aon smaointe a insint dúinn.

**Cuid de na rudaí a rinneadh le bliain anuas**

- Leagadh an claí sa chlós thuas mar nach raibh sé sábháilte agus tá muid le bínse a chur ann go luath
- An cosán idir an séipéal agus an scoil, críochnaithe anois le buíochas mór do chuile dhuine a thug cúnamh
- Leagadh crainnte agus cuireadh cinn nua ag an séipéal ar mhaithe le sábháilteacht
- Slán mór le rang 6 – cáca, hoodies, comhartha etc.
- Tóraíocht Taisce faoi Shamhain
- Cabhrú le cuairt Dhaidí na Nollag

**Cuid de na rudaí ar mhaith linn a dhéanamh sa bhliain amach romhainn**

Tuilleadh oibre ar shábháilteacht bóthair leis an gComhairle Contae, na Gardaí agus an Coiste Pobail
Roinnt trealamh/bréagán le haghaidh taobh amuigh

**Cuid de na rudaí atá beartaithe le hairgead a bhailiú don bhliain amach romhainn**

***Braitheann gach rud ar Covid-19 ach tá súil againn cúpla imeacht bailithe airgid a eagrú***
***CASH4CLOBBER – dátaí le socrú***
**Uimhir Bhónais** – ar díol in Oifig an Phoist, Cill Chiaráin gach seachtain, €2 an líne, €47 don bhuaiteoir
**Raifil do Chiseán na Samhna** – beidh muid ag cur nóta abhaile go luath ag iarraidh ar chuile theach rud nó dhó a thabhairt isteach don chiseán
**Coinnle na Nollag** – coinnle a dhíol ar an gcrann Nollag sa séipéal
**Raifil do Chiseán na Cásca**

***Laethanta gan Éide Scoile €2 an gasúr***
Dé hAoine, 24 Meán Fómhair
Dé hAoine, 22 Deireadh Fómhair (éadach Oíche Shamhna)
Dé hAoine, 26 Samhain
Dé Máirt, 22 Nollaig (geansaithe Nollag-d'Ospidéal Chroimghlinn)
Dé hAoine, 29 Eanáir
Dé hAoine, 26 Feabhra
Dé hAoine, 26 Márta
Dé hAoine, 30 Aibreán
Dé hAoine, 28 Bealtaine

Míle buíochas,
***An Coiste***
***Mary Ann Uí Mhadaoin (Mamaí Chlíona)***
***Áine Ní Chlochartaigh (Mamaí Leah)***
***Deirdre Uí Chualáin (Mamaí Chóilín)***
***Sharon Swords (Mamaí Róisín, Dhonnchadh & Thaidhg)***
***Cassie Ní Chathasaigh (Mamaí Ayla & Chian)***